IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos an creat dlíthiúil don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013. Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE [1]

(2018/C 358/01)

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart 80 % den bhuiséad do chur chun feidhme an Chláir in 2019 agus 2020 a chur ar fáil trí ath-imlonnuithe sonraithe faoi Fho-cheannteideal 1a (Iomaíochas don fhás agus do phoist) de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 agus trí ath-imlonnuithe ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ó chlár LIFE. Ní dhéanfar aon ath-imlonnuithe breise ó chlár Erasmus+, áfach, sa bhreis ar an méid 231 800 000 EUR dá dtagraítear sa togra ón gCoimisiún (COM (2017)0262).

Ba cheart an 20 % atá fágtha den bhuiséad le haghaidh chur chun feidhme an Chláir in 2019 agus 2020 a thógáil ó na corrlaigh atá ar fáil faoi Fho-cheannteideal 1a de CAI 2014-2020.

Tá comhthuiscint ann go n-áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na leithreasuithe is gá tríd an ngnáthnós imeachta buiséadach bliantúil ar bhealach cothrom agus stuama.

Ráiteas ón gCoimisiún

Maidir le húsáid leithreasuithe ó acmhainní cúnaimh theicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin faoin Rialachán maidir le Forálacha Comhchoiteanna (go háirithe ath-imlonnuithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a mhaoiniú in 2018, deimhníonn an Coimisiún nach n-úsáidfidh an Coimisiún an méid sin mar fhasach don togra maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i ndiaidh 2020 (COM(2018)0440).

[1] IO L 250, 4.10.2018, Ich. 1.